

Nessa Ní Shéaghda, *Agallamh na seanórach*, 3 vols, Leabhair ó Láimhsgríbhniú 7, 10, 15 (Dublin, 1942–5); repr. in one volume (with a new introduction) by the Irish Texts Society (London, 2014). Permission received from An Gúm and the Irish Texts Society.

Nessa Ní Shéaghda, *Agallamh na seanórach*, (Dublin, 1942–5); repr. in one volume (with a new introduction) by the Irish Texts Society (London, 2014), pp 26–27.

Gérbhó líonmhar eich bhfeart bhFáil  
a n-áon-tulach a n-aon-dáil  
(fa mór sár an ghoéith ghrinn)  
lúaithe gan tlás each Chonchind.

5 Ag sin, a chlēirigh, an sgeul ro fhochtuis diom  
gan conntabhart."

10 "As urghairdiughadh mheanma ⁊ aigcanta  
dhúinn t'fhuighle ⁊ t'ard-bhríathra, a Oisín," ol  
Pádraig. "Ní bhfuil áon-locht agoinn orra acht  
15 muna mainneachtanaighi mór-chrábhaidh ⁊ crois-  
fhighle dhúinn bheith ag coitseacht riū."

P 15 Ro bhádar ann go ttáinic moch-shoillsi arna  
mhárach ag eadar-mholadh an Dúileamhan go  
díochra dúthrachtach. Ro éirigh Pádraig annsidhe  
15 ⁊ gabhus a earradh ⁊ a éadach uime ⁊ táinoic ar  
an bhfaithche bhféur-úaine bhtochain-ghlais, ⁊ is  
é lón do bhí ina choimhleanmhain trí fichit  
naomh-easboc órnidhe aireagha, trí fichid sagart  
20 psalm-ghlan seirbhiseach, ⁊ trí fichit psalm-  
chéadlaadh ag sioladh irsi ⁊ creidimh seachnáin  
Éireann i ngach áird ⁊ ag beannachadh go óúan-  
shaothrach. Conadh ann ro riachtadar a dhá  
aingeal choimhideachta go Pádraig, i.e. Aoibheall  
25 ⁊ Solas-bhreathach a n-anmanna. Ro [labhair  
Pádraig] ⁊ as eadh ro ráidh ria gach ní:

24-25] Tá focail éigin ar láthairim  
iseadh na focail idir lúibíní (féach Stokes, 295 : *fiasrait-*  
*ghios* [i.e. Pádraig] *dibh* [i.e. dá aingil choimhideachta]).

"Maith, a chairde mo chroidhe," ol sé, "do  
budh maith leam a fhios d'fhaccháil úaibh an  
budh móide grúcc Rí nimhe ⁊ talmhan leam bheith  
ag coitseacht re sgéalaibh Fhíán Érionn."

Ro fhreaccadar san go hurmhaisneach an  
naomh-chléireach, ⁊ as eadh ro ráidhsead ris :

"Maith sin, a Phádraig," ol fad-somh, "ní mó  
iná trían a n-árd-sgéal accus a n-imtheachta  
fhoillsigheas an rí-fhéinnidh dheit orra, òir atá  
dearmad ⁊ díth cuimhne orra aicce féin ⁊ acc an  
ochtar oilé fil ina choimhideacht. Agus beannoigh-  
tear a mbeoil lat-sa, ⁊ tabharthor tonn baitsi  
Chríost tharsa, ⁊ foráiltear orra sléachtuin do  
sheasccél na Trínoide ⁊ creideamh Chríost ⁊ na  
hEagloisi Caitoileachdha do leanmhain go lán-  
dhiochra, ⁊ budh feasach as a haithle fad ar  
gach sgéul dā n-iarrfoir-si orra. Agus sgríobhthar  
lat-sa íad a bhfír-bhríathruibh fothaightheacha  
fileadh ⁊ a saor-litribh solas-leabhor snasda saor-  
ollamhan ionnus go bhfoillsighthear íad d'uaisleibh  
25 ⁊ d'árd-mhaithibh re deireadh an domhain si, do  
ghairriughadh meanman ⁊ mór-aigeanta dhóiph."

Ceileabhroid dó faromh na haingil, i.e. Aoibheall  
agus Solus-bhreathach, dā ngoirthí Uictor. As  
ann sin do-chúas úadha-samh ar cheann Oisín  
con a ochtar árd-fhéinneadh, ⁊ tancatar chuíce  
gan mhoille ann sin.

"An bhfuil a fhios accoibh," ol sé, "créd 'má

Nessa Ní Shéaghda, *Agallamh na seanórach*, (Dublin, 1942–5); repr. in one volume (with a new introduction) by the Irish Texts Society (London, 2014), pp 60–73.

Naomh Pádraic," ol Oisín. Co nd-ébhairt na roinn :

"A thulach árd aoibhinn-si  
gus a ttigdís Fíana fionna,  
5 ba gnáth longphort lán-adhbhal  
ort γ gasraidh ghiolla.

Rob í ar ccuid re a coimhaireamh  
ar seilcc dhoire gacha díne  
sméra scemna sgeochora,  
10 cna do chraobhuiibh Chinn tíre.

Maothain drissi dealccnaighe,  
gassain chreamha gan chiona[i]dh,  
do chaithmaois gacha Beultaine,  
buindén bhláithe, barr biorair.

Eoin a dhoiribh diamhroibh  
do-riachtdaois fulacht Féine,  
toghmhóill bhereaca a Bearomhuin,  
nid bhecc' a beannuibh sléibhe.

Bradáin lúatha Luibhnidhe,  
easconna Sionna saoíre,  
coiligh fheadha Fhírghrinne,  
dobhrain a dhiamhruibh Daoile.

8 gacha] recte gach.  
9 scemna sgeochora] recte sciamhdha sceachaire,  
(Stokes, 729).

13 gacha] recte gach.

15 diamhroibh] diamhaire (Stokes, 732).

Iasgach mara muiridhe  
a chríochuibh Baoi γ Béarra,  
medhbhán Faide fior-ghloine,  
duillioscc a chuan caoimh Cléire.

Snámhradh Loingsi lochaighi  
do budh maith re Mac Lughach ;  
ticcmís slóigh is sochuidhe  
ar do thaobh thall, a thulach.

Misi Oisín alt-bhlad'hach ;  
théicinn a ccorruibh curach ;  
fuaras gáibhthe glasmhara  
a ttimchioll tonn is tulach.

A.

Gluaismaíd a haithle an tshnasda sin do bhúain  
dár sleaghuiibh," ol Oisín, "go Fionntráigh  
budhdheass. Ro cōiriccheadh an cath iaromh, γ  
ba loch ar léithe é. Is and sin at-choncamar  
aon-öglaoch dár muinntir dár saigheadh," ol  
Oisín, ".i. Caol crōdha céad-ghuineach ua  
Neamhnuiaill.

'Can ass a ttánccois chugóinn anossa, a Chaoil ?'  
ol Fionn.

'Ass an mBrugh mbráonach mbrat-sholuis  
mbúan-áloinn athúaidh,' ol Caol.

'Créd tucc ann sin thí? ' ol Fionn.

17 léithe] sic.

5

10

P 42

15

20

25

'D'agallomh Mhuirne inghine Deircc, i. mo bhuiime, do-chúadhas ann,' ol Cáol.

'Créd imā ndeachois dā hagallomh-sidhēin?' ol Fionn.

<sup>5</sup> 'D'iarraidh conganta uirre dochum mná dā ttugas toil γ trom-ghrádh do thochmhairc dhamh,' ol Caol.

'Cia an bhean dā ttugois an toil sin?' ol Fionn.

<sup>10</sup> 'Do roighne rioghan na sídhe solus-ghlan doradus-[s]a an trom-ghrádh ucchod, γ Créadh a hainm.'

<sup>15</sup> 'Maith tárla duit mās do Chréidh inghin Chairbre chneis-bháin, inghean rí Ciarraidhe Lúachra, tuccois an toil sin; γ an bhfeadoir-si, 'anam, a Chaoil, gurab i sin ban-mhealltōir banntrachta γ ban-dála na hÉireann uile?' ol Fionn. 'Óir ní bhfuilid trí seoid a ndúnaidh

<sup>20</sup> nō a ndeagh-bhaile a nÉirinn do neoch nár bhréccustar go a bunadh-bhaile buadhheisin.

<sup>25</sup> Agus as doiligh an bhean sin d'fhagháil duit-si, a Chaoil,' ol Fionn, 'óir ní ccomhraicfe an ccén bhias ina bheathaídh aoin-fhear lé acht muna ndeárna dúain dí ina mbiайдh tuarusccbáil a cúach, a corn, γ a copán, a sithile so-mhaisigh, a teaghlaigh, a tirm-ghrianáin, a cathaoire, a caoimh-iomdhadh, a dúnadh, γ a deagh-bhaile,

<sup>5</sup> conganta] ls. connganta.

<sup>6</sup> ttugas] ls. ttugois.

<sup>10</sup> Créadh] ls. oireadh.

'Maith tarla dhamh-sa,' ol Caol, 'óir itā dúain go heallomh accom don inghin farna dhénamh dom bhuiime dhamh, i. do Mhuirn inghean Deircc.'

Tuccamair-ne trén-fhaillighe don chath do choruccadh and sin," ol Oisín, "γ tiaghmaíd do thochmhairc Créidhe do Chaol, γ nochar hanadh linn go rānccamor Carruic Locha Cuire a n-iarthair Éireann, airm a mbaoi an inghean cona bantracht briathar-mhilis. Far ndul go doras an dūnaidh γ an deigh-bhaile dhúinn ro chansamor an dórd fiansa cco fearamhoil fir-bhinn, γ ro éirgheadar ingheana míne macánta ar sgeimheal-bhordáibh sgiamh-ghlana an solus-ghrianáin γ ar tháidhbhlibh taitneamhach na teadhghuisi. Dorriacht Créidhe dár n-agallomh iaromh γ trí chaoga ban do bhantracht ina hurthimchioll. Ro labhuir an flaithe-ruire Fionn as a haithle γ as eadh ro ráidh:

'As dó thānccamair-ne sonn, a inghean,' ol sé, 'dot thogha-sa γ dot thochmharc.'

'Cía dā ttāngabhar dom thochmhairc?' ol an inghean.

'Do Cháol chródha ua Neamhnuail, i. mac rígh Laighean,' ol Fionn.

'Ro-chualamar an curaidh sin a ccen go bhfacamor,' ol Créidhe. "'Anam, a Chaoil,' ol sí, 'an bhfuil accod an choidhbbche do-chuinghim-si

ar gach aonfhear, i.e. dúain do thabhairt chugam  
go hérlaimh iméscáidh ?'

'Atā imorra,' ol Caol.

'Gabh dhúinn an dúain sin,' ol Fionn.

5 Ro éirigh Caol iaromh co nd-érbhairt :

'Turas agom Dia hAoine  
(gē dheachor, im fhior-aoidhe)  
go teach Créidhe, ní gniomh súaill,  
re hucht an tshléibhe 'narttuaidh.

10 Atā a ccinneadh dhamh dul ann  
go Créidhe dan crioch Anann,  
go rabhar ann gan deacoir  
ceithre laithe is leith-sheachtmhain.

15 Aoibhinn do theaghlaich na mnā  
idir shear mhnaoi is mhacaoimh,  
idir dhruithnígh is aos ceoil,  
idir dháileamh is dhorseoir.

20 Biodh aoibhinn dhamh-sa 'na dún  
ar choilcidh chaoimh is ar chlúimh ;  
madh ail do Chréidh Chnuic na cCros  
budh aoibhinn damh mo thurass.

12 dan crioch Anann] recte *dd Chioch nAnann?*  
(Stokes, 774 : *a Cícheab Anann.*)

15-16] Stokes, 776 : *Aibinn in tech ina td idir fhira is maca is mnd.*

16 dhruithnígh is] recte *dhruidhe 'gus?*

20 chlúimh] recte *chlúimh.*

Sítheal aice a sil sūgh subh :  
eiste nigheas a caomh-chruth ;  
dabhach ghloine im fhion mheascdha ;  
copain aice γ caoimh-easgra.

P 45

A dath amhuil dhath an aoil ;  
coilctheach idir hí is aoín,  
síoda idir hí is brat gorm,  
deargóir idir hí is glan-chorn.

5

A grianán cloch go ccuirte  
d'airceat γ d'ór bhuidhe,  
ro thuigh druineach gan dochta  
d'eitibh donna dubh-chorcra.

10

Dhā ursoind uaine aice,  
a comhla ní d'fhiodh craicce ;  
d'aircead eachta, caoimh ad-closs,  
an crann baoi ina ard-doras.

15

Cathaoir Chréidhe dod lāimh chlī  
badh suarca 'sa suarca hí :  
easair uirre d'ór Ealpa  
fā chosuibh a caoimh-leaptha.

20

Leaba luchoir go ccaoine  
fil ős cionn na cathaoire  
do-rōnnadh do thuile thair  
d'ór bhuidhe 's do lícc lōghmhair.

25

Leaba eile dā láimh dheis  
 (codladh uirre niorbh ēisleiss)  
 cco bpuboill go mbriocht mbugha,  
 go ccaomh-shluatuibh crēdhumha.

5 An teaghlaach fil ina tigh  
 as dóibh is aoibhne fā nimh.  
 níodód ghlasa slioma a bhfuilt,  
 ad casa fionna a bhforfhuilt.

10 Do bheidís fir iarna ngoin  
 ina sior-shúan go sādha[i]l  
 re hēnuibh sīdhe ag sináin  
 ós bhordaihbh a glain-ghrianāin.

15 Madhim buidheach-sa don mhnaoi,  
 do Chrēidhe dā ngoir in chaoi  
 bérad ní bhus sia a laoidhe  
 do mhaoidheamh a comaoíne.

P 46 20 Madh áil do Chréidh d'fhuil Chairbre  
 ní rom-chuirfe for cháirde—  
 a rádh go mear riom abhus :  
 'mo chean, mo chean, dot thurus'.

Céid traighidh a ttigh Crēidhe  
 ón ccuirr go roich a chéile,  
 tríocha traighidh re a [d]tomhus  
 eidir a dhá dheagh-dhoras.

11-12 sináin : -gbrianāin] recte siandn : -ghriandn  
 (Stokes, 799). 18 cháirde] recte cairde.

A fhudhnacht is a thuighe  
 d'eitibh én ngorm is mbuidhe,  
 a earrsgoir is a thobair  
 do ghloine is do charrmhogaíl.

5 Dabhadh ann do chuirim flatha  
 ass a sil sūgh stúarc-bhracha,  
 abholl ós cionn na daibhche  
 co n-iomad gach trom-thoirthe.

10 An uair liontar corn Crēidhe  
 do mhiodh na daibhche déine  
 tuitid isin ccorn go ceart  
 ceithre hubhla a ccoimhnaoinfheacht.

An tí 'gā ttād sin uile  
 idir shéud ɿ dhuine,  
 rucc Crēidh a tulchoibh trí m[b]eann  
 eadh urchoir do mhnāibh Éireann.

15 Duain sonn chuice 'na coibhche,  
 nocha duan fhír anfhoirfe ;  
 abradh riom Crēidhe co ngus :  
 'mo chion, a Chaoil, dot thurus.'  
 20 Turus.

Ro chomhraig Caol ɿ Crēidhe rē-roile iar sin ɿ  
 ro bhāmair-ne [ann] co ceann chūig láithe cona  
 3 thobair] recte thobar.

n-oidhchibh faromh. Acht atā ní cheana, ní rabhamar a bheg don aimsir sin acht acc ól γ acc P 47 aoibhneas a ndūnadh na daigh-rioghna Crēidhe go subhach soimheanmnach. Is and sin do ráidh 5 Fionn gurbh iomchian an iornaidhe bhoi forra óna hallmhurchaibh bādor a bhFionntráigh gan ionnsoighidh do thabhairt orra, γ co ngluaisfeadh chuca gan mhoille an tan sin. Do-rad an inghean earradha dísle diongmhála dhóibh go huilidhe ó 10 ghiolla go hōglaoch γ ó ōcclaoch go rígh-fhéinnidh do réir úaisle γ aireachuis gach aoin díobh fó leith.

Ro ēirgheamar go hathlamh imēsccaidh as a haithle," ol Oisín, "γ ro ráidh an flaith-ruire 15 Fionn ann sin go mbéradh an inghean lais go bhfionnadh cia dhíobh buðh cosocrach don chathughadh sin Fionntrágha, Fíana Éireann nó all-mhurchaigh.

Ticc an inghean linn," ol Oisín, "go loinneach 20 lán-mheanmach γ tucc ealbha γ innille, búar γ bó-thainte lē do fhreas dol γ do fhritheòlamh riogh γ ruireach na Féine feidhm-neartmhaire a n-am tarta γ trom-iotan γ re hucht leasaighthe γ leighis othar γ anbhann fri hudhacht an chatha sin. 25 Bāmar seacht laithe dhēag ag cur an chatha iaromh, γ as a ttoigh na hinghine do bhiodh ar leagha γ ar lucht othrais gā mbiathadh γ gā mbuan-leighios re headh na haimsire sin.

<sup>14</sup> haithle] ls. *hailth*.

Ciodh trāchi, mur do dheardccnaigh an inghean sin do bhantracht γ do bhanchuirí na Féine ar chruth γ ar chaoimh-lí, ar thiodhnacal séud agus sár-mhaofíne, ro dheardccnaigh a fear, .i. Caol cródha, ar ghoil γ ar ghaisceadh do thríbh catha na gnáth-Fhéine isin ccathughadh chalma churata sin Fionntrágha go ttáinic tiomdhíbheadh saoghal dā shoighidh ; γ ro buðh beud búan-chuimhneach an gniomh do-rónadh ann sin a ndeireadh an chathoicchithe sin, .i. an cathmháliadh do bháthadh far líonadh an láin mara thairis ; γ ro bhādar beothodhaigh shaolacha ag an ccuraidh sin," ol Oisín, "ionnus go bhfuairseat bás γ búan-écc an ionbhaidh sin. Tucc an tonn faromh a chorp chum calaidh faromh. Do-riacht an inghean γ maithe γ mōir-úaisle na Féine chuige γ ro thógsat leó é gusan trácht ndiscceartach d'Fhionntráigh, γ Trácht Chaoil a ainm ò sin ale, γ Fearta Chaoil ainm na fearta. Táinic an inghean ann sin ós cionn a caoimh-chéile γ do-rinne nuall-ghubha adhbhal-mhór úasa. Ro shín re a thaobh as a haithle γ as-beart :

'Ciodh um nach bhfuighbhinn-si bás go bith-erlamh do chumhaidh mo chaoimh-chéile an tan fuarsiot na fíadh-mhíola bás dā chumhaidh.'

Agus as cuma baoi agá rádh γ do-rinne an laoídh :

<sup>12</sup> beothodhaigh] sic.

<sup>19</sup> na fearta] recte *an shearta*.

' Géisidh cúan  
ar a bhuinne ruadh Rinne dā Bhárc :  
báthadh laoich Locha dá Chon  
seadh chaoneas tonn frí thrácht.

<sup>3</sup>  
<sup>P 49</sup> Luinche corr  
i seiscceann Droma dhā Thrén ;  
is í nis freaccartha bí,  
sionnach Dhá Lí ar tí a hén.

<sup>10</sup> Truagh an fhaoídh  
do-ní an smáolach a nDruim Chaoín,  
ní neamhthruaighe an scol  
do-ní lon a Litir Laoídh.

<sup>15</sup> Trúagh an tshéis  
do-ní damhán Droma Léis :  
marbh eilitt Locha Sileann,  
géisidh damh dilleann dā héis.

Saoth liom  
bás an laoich no luigheadh leam,  
mac na mná ó Dhoire dhá Dhoss,  
a bheith aniogh is cross fā chionn.

<sup>2</sup> ar a] recte ós (Stokes, 843). Rinne] recte *Rinn*?  
(Stokes, 843).

<sup>4</sup> seadh j] recte is eadh (Stokes, 844).

<sup>5</sup> Luinche] recte *luinceach*? (tuairim E. Knott, Jr.  
*Syll. Poet. Ich.* 87).

<sup>7</sup>] recte sisi ní aincenn a bí? (Stokes, 846).

<sup>17</sup>] recte Ba saoth liom (Stokes, 851 *Ba saeth lim*).

<sup>20</sup> is] recte 's.

Saoth liom, a Chaoil,  
do bheith a rioc'h mairbh rem tháobh  
is tonn do thocht thort, a fhir,  
is eadh rom-bhir fō mhaoisht.

<sup>5</sup> Truagh an gháir  
do-ní tonn trágha re tráigh :  
ó ro bháidh m'fhear sēaghda sáor  
as saoth liom a dhul 'na dháil.

<sup>10</sup> Truagh an treas  
do-ní tonn san tráigh si theas ;  
misi, thāinig ceann mo ré,  
measoide mo ghné (ro-feas).

Cithghal chrom  
do-ní tonn teann Tolcha Lēis ;  
misi, nochan fhuil mo mhaoin  
ó ro mhaoidh an sgéal ro ghéis.

<sup>15</sup> Ó ro bháidh Caol mac Criomhthain  
nochan fhuil m'ionmhain dā éis ;  
as mór ttriath ro thuit dā lāimh,  
a sgiath a ló gāidh ro ghéis.'

Fuair an inghean," ol Oisin, " bás do chumhaidh  
a caoimh-leannán. Ro hadhnaiceadh a n-aon-  
<sup>P 50</sup>  
1] a Chaoil] recte *Caol*? (Stokes, 853 : *Cael*).  
3-4] Stokes, 854 : *tond do thoc[h]t tar a thaebh geal*.  
is ed rommer, mét a aebh.  
17 Criomhthain] ls. *Criomtain*. 20 ro] Stokes, 864 : *nir*'.

uaigh fad, η misi," ol Oisín, " ro thóccaibh an lia fil uasda, η Feart Chaoil η Feart Créidhe ainm an fhearta ina bhfuilítt."

" Caidhe Brógán sgríbhinn ? " ol Pádraig.

5 " Atú sonn," ol eisiomh.

" Sgríobh an sgél ucchod," ol an naomh-chléireach.

Do-ghní samhlaidh.

Nír chían dóibh as a haithle go bhfacadar an  
10 dírim shluaign dhána dheagh-shluaign chuca gach  
ndíreach η damh-dhabhach do sgiathairbh dísle  
deilicchthe dearccóir ina n-uirthimchioll η fiadh-  
neimheadh do shleaghaibh dos-cháomha deagh-  
shnoite dath-rionnaighthe go húrárd re geal-  
15 ghúailnibh na gasraide. Tíaghaid Isin bpuboll a  
mboí Pádraig, η tuccastar an fear budh feárr  
dhioph a cheann ina ucht η ro shléachtasdair dó, η  
do-rinneadar a mhuinntear mar an ccéadna.

" Cía thusa anois ? " ol Pádraig.

20 " Bran mac Deircc misi," ol an t-óglaoch, " η  
do bhí m'athair 'na aird-rígh ar dhá chóicceadh  
Mumhan."

" Créd tucc sonn thú ? " ol Pádraig.

25 " Ócclaoch maith do-chuala a bheith at fhochuir-  
si do mhuinntir Fhinn mheic Cumhaill, η táinac  
d'fhoghluim an dhúird fhíansa η thuilleadh  
fianáighachta nach bhfuil accam úaidh."

" An ccluine súd, a Oisín ? " ol Pádraig.

30 shluaign] sic.

" Do-chluinim," ol Oisín. " A anom, a Bhoirn,"  
ol Oisín, " innis dúinn cionnus do-ní [do] mhuinn-  
tir seilc η sóir-fhiadhach."

" Do-níd," ol Bran, " iadhadh im an cnuic nō  
im an ngleann eidir choin, ghiolla, η óglaoch. 5  
Bimaofd re headh imchian laithe samhlaidh sul  
chuirid ar ngadhair ghlóracha fiadh nō fainn-eilitt P 51  
dár n-ionnsoighidh. Feacht ann," ol sē, " marbh-  
maofd an fiadh η feacht oile ní mharbhmaofd."

Ro chaoieastar Oisín frasa díochra dér iar cclos  
na fíanoidheachta sin dó. Ro éirigh Pádraig ann  
sin η ro farr ar Oisín sgur don gholghaire for i  
mboí η dul leó co Ceann Fheabhradh Sléibhe  
Caoín. Ro éirigh Oisín ar chomhairle an chléirigh  
η tiaghoid an líon bhádor co ránccador Ceann 15  
Feabhradh. Is amhlaidh ro bhoí suidhiucchadh  
in ionaidh ina rabhador, i.e. trí ghleanna ime η  
loch lionn lionn-fhuar eottorra ar mheadhón, i.e.  
Loch mBó a ainm, occus Oismeadoil ainm na  
tulcha sléibhe for a mbádor. 20

" Cnoc na hAire alla aniar don loch áit a mbíodh  
Conán mac Mórna cona fheadhain ag déanamh  
sealcca, Finninis ainm an chnuic airrthearaigh áit  
a mbíodh Fearghus Finnbhéil, file na Féine, η  
Fearrdomhan mac Buídhbh Dheircc mheic an 25  
Dághdha η conoirt léigthe ina lámhaibh, η Cnoc  
Máine ainm an chnuic si theas, a naomh-chléirigh,"  
ol Oisín, " áit a mbíodh giolla grádha d'Fhionn, i.e.  
Flaitheas Fhear Leath-chúarán, η is ann bheös do

Nessa Ní Shéaghda, *Agallamh na seanórach*, (Dublin, 1942-5); repr. in one volume (with a new introduction) by the Irish Texts Society (London, 2014), pp. 173-182 (Poem beginning Aonach anú luidh an rí).

bāidheadh an teine co trén-athlomh, ⁊ ro ghabhsam a cceann a chéile isin ccubhachoil ccoimhdhoirche sin, ⁊ ní thiocfaidh aoineach dhínne ina dhían-bheathaíd as an ccúiliadh sin acht muna beith an fláith-ruire Fionn dár bhfóiridhin.

Ro bhámar amhlaidh sin nō gur éirigh an ghrian ghlan-ruithneach arna mhároch. Ro thuit gach fear accoinn a bhfanntaisibh éucca ⁊ anbhfuinne. Gairid ro bhámar isin niúll sin an tan ro éirghimor as ar ttámh ar an ttulaigh baoí ós an ttéaghdhais, ⁊ fuaramar ar n-each iomlán accoinn cen ainimh cen on, ⁊ ro ceileadh an bhrúigh-ean oruinn and sin gan amhorus.

As fad baoi ann sin," ol Oisín, " na naoi ffúatha a hIobhar-ghlionn do dhioghaile a seathar go sonnrádhach, i.e. Culleann chalma chraos-leathan ro mharbhoisdair Glas mac Áon-cheárda Bérre dā chéd-ghniomhaibh goil' ⁊ gaisccidh. Agus as é sin aon-rioth is mó ro chuir oram-sa dā ndearnus ariamh, a Dheircc," ol Oisín.

Conadh do dheimhniughadh an neithe sin adubhramor do-rinne Oisín an laoídh trē scís ⁊ athtuarsi a nAonach Life a Laighníbh an tan do ghoirthí Gúaire Dall de, ar ndul a radhairc uaidh, co n-ébheit :

20 ndearnus] ls. ndeárnus.

" Aonach anú luidh an rí  
Aonach Life go lán-lí;  
gairit lais gach aon téid ann,  
ní hionann is Guaire Dall.

Ni Guaire Dall goirthí dhíom  
tan lodamar go tigh an ríogh,  
go teach Fhíachoidh, ficheadh goil,  
gusan tráigh ós Bhodhama[i].

Aonach Clochair do mhór Fionn  
is Fiana Fáil, cionn ar chionn,  
's do mhórsad Muimhnigh don mhoigh  
⁊ Fíacha mac Eóghain.

Ruccaadh eich na bhFían san treas  
is eich Mhuimhneach na mór-leas ;  
fearsad teóra graiffne far soin  
for fhaithche dheight-mheic Eóghain.

Each dubh ag Dil mac Dhā Chreacc  
as gach graiffne ro chuireadh  
isin ccarroicc ós Loch Gair  
rucc trí lán-bhuadha an aonaigh.

1 rí] ls. righ.

6 lodamar] recte lodhmar?

18 chuireadh] recte chuirsead (: Chreacc); bat in each cluchi rofersat (leagan LL, 18, ag Stokes, R.C. VII, 290).

Cuingheas Fíacha an t-each iar soin  
ar an draoí ar a shean-athair ;  
taircceas céad [dó] do gach crodh,  
cco ttugadh a ttuarosdol.

5 Adubhairt an draí go mblaith  
d'aitheascc maith re mac Eōghain :  
'beir mo bheannacht, beir an t-each  
⁊ tiodhlaic í ar h'eineach.'

10 'Acc súd duit-si an t-each dubh dían,'  
ar Fíacha re flaith na bhFian ;  
'acc súd mo chlaidhionh go mblaith  
acc súd each uaim dott arайдh.

15 Acc súd cathbharr as geall céad,  
ag súd sgiath a thíribh Grécc,  
biodh accad mo shleagh neimhe  
re cois m'iodhna aircc[d]eidhe.

20 Acc súd trí coin as coēmh dath  
Deirdre, ⁊ Da[th]chaoin, Dúalach,  
go mbuinceadhaibh òir bhuidhe,  
go slabhradhuiibh fionn-dhruine,

P 131 Madh feárr leat nā dul gan ní,  
a mhic Cumhaill Almuinf,  
nā deachois gan aisgidh as,  
a fhlaith na bhFian bhfaobhar-ghlas.'

2 draoí] recte draoidh ? (ríg LL, 22) ; ar a] recte a (D. F., laoi XIII, 5) ?

Imthaighis Fionn féin iar sain,  
buidheach é do mhac Eōghuin,  
ceileabhras cǎch dā chéile,  
nochar chiūin ar ccoimhēirghe.

5 Do-chuaidh Fionn romhuinn ar séad,  
ticcmíd lais trí fíchid céad ;  
co Caicher, go Clúain ós Loch,  
'seadh lodamar as an aonach.

10 Trí lá, teōra hoidhche ar bhlaith  
ro bhámar a ttigh Chaichir,  
gan easbhaidh leanna inā bídh  
ar mac Cumhaill, ar an righ.

15 Trí chēad bó is trí chēad brat  
do-rad Fionn (nírbh éccomhnairt),  
flaith-fhear 'na[r] ruaimneadh reanna,  
do Chaicher mac Oilealla.

Luidh Fionn d'iomlúadh eich duibh  
gusan Trāigh ós Bhodhamuir ;  
leanoim-si ⁊ Caoilte trē bhaofis  
⁊ riothmaoid trē thoghaois.

8 lodamar] recte lodhmar ?

13 is] recte agus.

14 éccomhnairt] recte éccomhnart.

17 eich] in eich (D. F., XIII, 13); an eich (Stokes, 1614) ;  
a eich (LL, 65).

Giodh sinne niormho malla,  
robsad luatha ar léimeanda,  
fear úainn dā chlí fear dā dheis,  
ní bhiadh fiadh nach ffoirghemis.

5 far sin mothraigheas an rí,  
búaleas a each tar Tráigh Lí,  
tar Thráigh Lí, tar Thráigh Dúin Ghais,  
tar Fhraochmhagh is tar Phionnais,

10 A Magh Fleiscce, a Magh an Chairn,  
tar Shein-iubhar mac Maoil Ghairbh,  
tar urchar Fleiscce finne,  
tar cholamhnaibh Coichrinde,

P 132 Tar Dhruim Éadoir, tar Chluain Chaoin,  
tar Thrácht Dhá Fhian, a bhFormhao[i] ;  
15 7 ní riacht Fionn dā each  
gusan ccnoc dan hainm Búir[n]each.

Iar rochtoin dūinn isin ccnoc  
sinne budh lúaithe cen locht ;  
20 ciodh sinde ba lúaithe and  
each an rí nírbho ro-mhall.

' Adhoigh so deireadh don ló,'  
do ráidh Fionn, nf hiomarghó,  
as baois do-rad sinn ale  
éirgheam d'iarraidh fían-bhoithe.'

1 niormho] níorsam (D. F., XIII, 14) ; nírsar (LL, 81).

Silleadh ro shill seacha an rí  
ar an cconair dā leith chlí  
co n-fhaca an teach co ndaighne  
san nglionn ar air mbéaloiphe-ne.

An sin adubhairt an rí  
mac Cumhaill, fear gon mifrí :  
5 ' gus anú ní fhaco teach  
san nglionn sa gēarbham eólach.'

' Tair riúin,' ar Caofste, ' dā fhios,  
mór tteach atá 'nar n-ainfhios,  
úair as úait as feárr gach ní,  
10 a mheic Cumhaill Almuinf.'

far sin do-chuamar asteach ;  
ar tturas dúinne dob aithreach ;  
fuairsiom gréach, gol, is gáir,  
15 is muinntear dhísgír dhígháir.

Aitheach líath for lár astoigh  
gabhois each Finn go hésccaidh,  
fadhois an ecomhluidh soinne  
for chorránaibh iarnaidhe.

14 dūinne] recte dūinn ?

19 soinne] recte sunn de (D. F., XIII, 24) ?

20 for chorránaibh] d'í a corránaibh (D. F., XIII, 24) ;  
de baccánaib (LL, 116).

Suidhmaoid ar an ccolbha ccruaидh ;  
 do-ní ar n-aidhsí re hén-úair ;  
 an ccúail ttruim ro bhaoi ar an tteine  
 is uaill nach rus-mhúch do[n] deataigh.

<sup>133</sup> Do ráidh an t-aitheach d'áirde a chinn  
 aitheascc nachar lán-bhinn linn :  
 'éircchidh, a lucht atá astoicch,  
 canaídh ceól don rí-fhéinnidh.'

Eircchid naoi ccolla as an ecúil,  
 as an leith fa foixe dhúinn ;  
 naoi ccinn as an leith oilé  
 ar cholbhadhuibh farnaídhe.

Légoid naoi ngréacha garbha  
 go comuir, níor chaomh-laphra ;  
 freagrois an t-aitheach fá seach,  
 freagrais an méidheach.

In ceól do chanadar dúinn  
 do dhúiseóchadh mairbh a huír ;  
 súail nachar bhris cnámha ar ccinn ;  
 nírbh é an coicceadal ceól-bhinn.

<sup>2</sup> ar n-aidhsí] recte ar n-óssaig (D. F., XIII, 25), ar n-ósaic (LL, 122).

<sup>3</sup> ar an tteine] recte for tein (D.F., XIII, 25).

<sup>4</sup> is . . . -mhúch] recte súail náron-múch (LL, 124).

<sup>5</sup> d'áirde a chinn] recte ndr bhinn (D.F., XIII, 26) ?

<sup>6</sup> -bhinn] recte -m[h]aith (D.F., XIII, 26) ?

Géarbh olc gach aon-cheól díobh soin,  
 fa measa ceól an mhéidhigh ;  
 ní raibh ceól nár dhúla  
 acht fead fhir na hén-shúla.

Eirghios an t-aitheach iar sain,  
 7 gabhois a thuaidh cónnaidh,  
 búailis is marbus ar n-each,  
 feandois is cosccras gan fhuireach.

Idubhairt Caoilte re Fionn  
 aitheascc nachar lán-inhaith liom :  
 'an t-aitheach ro mharbh ar n-each  
 dighélam air cen fhuireach.'

'Bí ad thosd, a Chaoilte,' bhar Fionn :  
 'mear-ghlórí nach ttuillionn a ccionn ;  
 do-ghébhthá forlonn, a fhir,  
 fá chomhlonn ris na fuathaibh.'

Coécca bir ar a mbí rinn  
 tucc lais do bhearuibh caorthainn,  
 ar gach mbior áighe dár n-each,  
 7 sáidhidh bhán teallach.

Nírbh inneóntha bior dhíobh sin  
 in tan do thócc òn tteinidh  
 is tucc i ffiadhnusí Fhinn  
 feoil a eich ar bheáruibh caorthinn.

8] Fágtais ar láir ar mhaithe leis an meadaracht.  
 24 a eich] recte eich (D.F., XIII, 33), vel om (LL, 164).

'A aithigh, *beir* leat do bhíadh ;  
 a aithghin ní dúadhas ríamh,  
 ⁊ nochan íos go bráth,  
 fā mo bheith *gan* bhíadh aon-tráth.'

5 'Más uime teaccthaoi um theach  
 d'obadh bídh,' ar an t-aitheach,  
 'fúiccfithí, a Fhinn, mór an modh,  
 bhar ccinn ar bhar ccosccar.'

Ann sin ro éirgheamor súas ;  
 10 gabhmaoid ar cloidhmhe go ccrusas ;  
 ionnsaigheas cách aroile ;  
 ro budh manadh dornghoile.

Ro báidheadh an teine thí  
 co náir léir lasair ná grís ;  
 15 tiomaircctheár cúil ndoirche nduibh  
 oirn ar ttriúr a n-éin-ionpháidh.

In uair do bhámar cionn ar chionn  
 cia do fhóirfeadh sin acht Fionn ?  
 do marbhadh sinn uile dhe  
 20 muna bheith Fionn na Féine.

8] Tá siolla i n-easnamh ar an líne seo.  
 17 In uair] recte *Mar* (D.F., XIII, 38) ?  
 18 acht] ls. *ar* (D. F., XIII, 38 : *acht*).  
 12 is] recte *agus*.  
 17 ro throid] recte *do-rala* (LL, 209).  
 18 -ghlionn] recte *-ghlinn* (: *rinn*).  
 19 seathair] recte *seathar*.

Ceann ar cheann dūinne mur sin,  
 Ó thús oidhche go maidin,  
 nō go ttānoicc grían san teach  
 a ttráth ēircche arna mhāroch.

An tráth ro éirghe an ghrian  
 tuitiadh gach fear soir is siar,  
 tānic neull a ccionn gach fir,  
 ro bhámar marbh ar aon-láthoir.

Gearr ro bhámar isin ttámh  
 gur éirgheamor is sinn slán ;  
 10 ceiltear an teach óirn iar soin  
 is ceiltear an mhuinntir.

Ann sin ro éirigh flaithe Fáil  
 is srán a eich ina láimh,  
 slán uile eidir cheann is chois :  
 15 ro bhaoi gach aisce 'nar n-éccmois.

Is fad sin ro throid rinn  
 na *naoi* ffúatha a hIobhar-ghlionn  
 do dhíghail oirn a seathair  
 darbh ainm *Cuilleand* chraos-leathan.

8 ro bhámar] recte *co mbai* (LL, 192).

12 is] recte *agus*.

17 ro throid] recte *do-rala* (LL, 209).

18 -ghlionn] recte *-ghlinn* (: *rinn*).

19 seathair] recte *seathar*.

Os misi Oisin mac Finn,  
tāraidh mé creidiomh Tālginn;  
gēarsam calma ag cur na ccath  
nocha chumhgoim an t-áonach.

A.

- <sup>5</sup> Acc sin an cheist chuiris form, a Dheircc," ol Oisin, " uair as é sin aon-rioth is doilgeasa Ɇ is feárr do-righneas-[s]a ríamh. As deireadh do ló ann, a Dheircc," ol Oisin, " Ɇ as mithigh dhūinn fos Ɇ fior-chomhnuidhe do dhéanamh Ɇ ffan-<sup>10</sup> bhoith d'ullmhughadh Ɇ d'fhior-chaomhna, óir as deireadh do láthair dár láochraidh."

- Iar cclos an chomhráidh sin do Dearcc téid isin sídh anonn d'innisin d'Ilbhreac Oisin mac Finn do bheith and sin ag Sídh Áodha ós an Eas.  
<sup>15</sup> Ö't-chualaidh Ilbhreac Easa Rúaidh, Aodh Minbhreac mac an Dághdha, Ɇ maithe Ɇ mór-úaisle na síde ol-cheana, Oisin do riachtain a ccomhfhoccus dóiph, ro ráidhseat re Dearcc a thaphairt isin sídh.

- <sup>20</sup> Tainic-siomh as a haithle ghusan ionad i mboí an deigh-fhear Oisin, Ɇ rucc leis isin sídh é cona ochtar ándradh. Ro ēirgheadar in dfas deigh-rígh báttar isin mbruighin, .i. Ilbhreac Ɇ Áodh Arm-chorcra, Ɇ ro shearsad fir-chofn fáilte

<sup>16</sup> Minbhreac] ls. minbhreach.

<sup>23</sup> Ilbhreac] ls. Ilbhreach.

re hOisin Ɇ rena mhuinntir Ɇ ro chuirsead eatorra ina shuidhe hé Ɇ ro suidhiucchadh a ochtar áird-fhéinneadh a ccathaoiribh gloinidhe ar laoch-lár na bruighne. Ro freaslaadh Ɇ ro fritháileadh an flaithe-fhéinnidh go friochnamhach.<sup>136</sup>

As í sin úair Ɇ aimsir tárla coccadh Ɇ coimheasáonta eidir Ilbhreac Easa Ruaidh agus Lir Sidhe Fionnachaíd, Ɇ no thicceadh éun co nguibníbh iarnaídhe Ɇ co n-eirr theineadh ar an ffinneóig nua-chrothaigh n-órdhaidh, Ɇ ro chraith-eadh a chrúaidh-eiteadha gacha nóna co nach bhfáccbhadh claidheamh ar chádh-alchuing, ná deigh-sccíath ar dhlúith-dhealccán, inā sleagh ar sháor-chonghbháil cen a leaccadh a cceanduibh Ɇ a ccorpuibh luchta na bruighne go boirb-neartmhar, Ɇ no bhidís-[s]iomh a n-oirchill na dála sin do dhiúbhraccadh in eōin go hurlamh iméscáidh, Ɇ gach urchor do-bheirthí go glé-neartmhar dā ghnáth-mharbhadh do theacmhadh a cceannaibh fir nō mná nō macaoimh do lucht na lán-bhruighne é, go luath-easbhuidheadh an té dā ttagmhadh Ɇ nocha ndéanadh olc nō urchoid don éun.

Ciodh trá acht, iar n-orduccadh an óiltighe dhóibh in ionbhaidh sin do-riacht an t-én chúcú Ɇ do mheasg Ɇ do mhearaidh na maithe Ɇ na mó-

<sup>5</sup> friochnamhach] ls. fhriochnamhach.

<sup>8-9</sup> co nguibníbh] ls. con ghuilbnibh.

<sup>10</sup> n-órdhaidh] ls. ndordhaidh.

<sup>13</sup> deigh-sccíath] ls. deighscdíth.

Nessa Ní Shéaghda, *Agallamh na seanórach*, (Dublin, 1942–5); repr. in one volume (with a new introduction) by the Irish Texts Society (London, 2014), pp 186–197.

"Aireach leat, a rígh-mhiliúdh," ol sé, "cia d'Fhíanaibh Érionn iccā mbiodh an [t]sleacch si?"

Ro bheanoistear Oisín a cinn-bheo caoimh cumhdaigh dhi, 5 ḡ ro bhádar tríocha seamonn d'ór orloisccthe thíre Arabia ina hionnsmuibh, ḡ ro aithin-siomh i and sin.

"Sleagh Fhíacha mheic Congha sunn," ol sé, "᠁ as lé ro ghabhastar m'athoir-si," ol sé, "flaith-eas for na Fianainb, ḡ as ass tuccadh i, a Sídh féur-úaine Fionnachaidh, ḡ Aillén mac Mioghna coimhainm an fhir ó a ttuccadh, ór ticceadh gach bliadhna co Teamhraigh ḡ tiompán ina láimh ḡ é ag seinm go saineamhuiil, ḡ cairche teineadh arna n-adhnadh ina anail. Um Shamhuin do shonnrádh ticceadh, .i. a líth-laithe na bliadhna, ḡ do ionbholccadh dā anail an teine úaidh as a áil, ḡ ro shéideadh a tTeamhraigh an teine sin ionnus co loiscceadh i cona turscor gach líth-láithe Samhna ar feadh shé mbliaghon dēag.

p 139 Fa gairid roimhe sin ó tuccadh cáth Cnuca inar marbhadh Cumhall mhac Tréinmhóir le Conn Céad-chathach ḡ re Goll mac Morna; ḡ Aodh fa céad-ainm don chaithmhfliúdh, do Gholl," ol Oisín, "᠁ Dáire Dearcc céad-ainm Mórna ag na maithibh. Agus ro bhaof Uirghreann mac Luighdheach Chuirr, rí Luaighne Teamhrach, ina bhifarradh acc cur an chatha sin. Agus Luichett

<sup>3</sup> cinn-bheo] sic. cf. leath. 192, líne 22, 'cinn-bhéc.'  
<sup>14</sup> n-adhnadh] recte 'adhnadh'?

na cCéad ro-dus-gon go géur neimhneach ar Aodh isin ccath, gur bhris a leath-roscc ina chionn. Conadh dhe sin giúil Goll don glain-fhéinnidh," ol Oisín; "᠁ do-chear-samh and sin le hAodh a ndioghal a dheirce."

Agus ro ráidh Oisín na roinn ag deimhniughadh an deagh-sheanchois amhoil atá sonn:

"Do ghon Luichead Aodh na cCéad a ccath Cnucha, nocha bréug :

10 Luichead fionn an ghaisccidh ghloin le mac Dáire do-rochair.

As lais ro thuit Cumhall mór a ccath Cnucha na mór-shlógh uime tuccadh an cath teann um fhíanoigheacht na hÉireand.

15 Bhättor clann Morna san ccath ḡ Luaighne na Teamhrach : ba leó fíanoigheacht ffear bhFáil frí láimh gach rígh go roi-ghráin.

Baoi mac ag Cumhall go mbúaidh, an Fionn fuileach faobhar-chruaíd, Fionn ḡ Goll, mór an modh, trén do-rónsad[ar] coccadh.

<sup>1</sup> ro-dus-gon] sic.  
<sup>1</sup> ar] sic.

Iar sin do-rōnsadar sith,  
Fionn γ Goll go ccruaidh-ghnímh,  
co dtorchair Banbha Sionna dhe  
'man mhuic a tTeamhoir Luachre.

5 Aodh ba hainm do mhac Dāire  
gor ghaodh Luichead go n-áine :  
ó ro ghaott an laighne trom  
aire con-ráitear ris Goll.

10 Ó ro ghon Luicheat san ccath  
deagh-mhac Mórna fa meanmnach,  
ó sin ale ag gach aon  
fa gnáithe Goll air nā Aodh.

Aodh.

15 As mé Oisín ffal mac Finn :  
tudchais fā bhathois Tāilginn :  
agam atá tar gach aon  
fios aneithe d'fhiarfaigh Aodh.

Aodh.

20 Acht atá ní cheana," ol Oisín, "nochar  
fhāccoibh Cumhall tar a éis acht madh tríar mac  
namá, γ nocharbh oirrdheirc a ngaisceadh días  
dhiobh-siomh, eadhón, Fitheal an fáith-bhreatheomh γ Dithramhach an daigh-fhear, γ nocharbh

<sup>3</sup> dtorchair] ls. *ndorchoir*.

<sup>14</sup> tudchais] = tudchas? i.e. seandacht bhréige ar  
*táinag* (cf. Sean-Ghaedh. *tuidched*).

<sup>18</sup> mac] ls. *mach*.

ionann mātha[i]r dhóibh, uair Tarbhgha inghean  
Eachdhach d'Érnaibh Mumhan māthair na deisi  
si ro rāidheamar, amhuiil as-beirt an sein-fhiliadh :

5 Fitheal déid-gheal, Dithramhach,  
dhá mhac Cumhaill, crúaidh lāthoir,  
Turbhgha inghean Eachdhach Muin  
d'Érnaibh Mumhan a māthoir.

Agus rob i-sidhēin cēid-bhean Chumhaill gan  
chonntabhairt, γ Muirm Mhunchaoimh inghean P 141  
Taidhg mheic Nuadhat a thuigh-bhean. Agus 10  
as amhlaidh ro fhāccoibh-siomh an inghean taobh-  
throm torrach acc tríall do chum an chatha dhó,  
γ iar marphadh Chumhaill ann tuccadh righ-  
fhianaighacht Fhíán Éireann do Gholl mhór-  
gharcc mac Mórna. Ruccadh an mac maith sin 15  
do Chumhaill faromh," ol Oisín, "γ ro bhaof ar  
foghail γ ar dībheircc ó mhacaibh Morna aimsir  
imchíán.

Do-rinneadh feis Teamhra le Conn Céad-  
chathach γ le cōicceadhaibh Érionn go haontadadhach. An tan bhádar maithe fhear nÉireand 20  
ag tomhuilt feisi na Teamhrach n íro rathoigh-eadar ní eidir go ttānoicc Fionn mhac Cumhaill  
isin ccuirm-thicch chuchta, γ ní ro airis gur shuidh-

<sup>1</sup> dhóibh] ls. *dhioibh*.

<sup>14</sup> Gholl] ls. *Ghollt*.

eastar i ffíadhnuisi Chuinn Chéad-chathaigh, Ghuill m'heic Mhorna, γ dheagh-dhaóine an dūnайдh ina ttiimchioll. Ba do gheasaibh γ do ghnáth-airmeartuibh feisi na haird-Teamhrach 5 an ionbhaidh sin nach lamhthaoi fala inā friothorccain do chuimhniughadh an ccéin no bhiodh síad agā tomhuilt. Ro mhídh γ ro mhóir-dhéach rí Éireand ar an macaomh ro shuidh ina fhiadhnúisi. Dóigh ámh nocharbh eólach in rí ináid áird- 10 mhaithe Érionn fair go sin.

P 142 Tuccadh a chorn dála i lláimh an rígh as a haithle, γ tucc-samh don muacaomh é; γ iar n-ól dighe ro fhiarfuigh dhe créd fa comhainm dhó γ cia dár mhabh é.

15 'Fionn mo chomhainm-si,' ol sé, 'γ mac do Chumball mac Thréinmhóir mē, γ tátag do thabhairt mo láimhe id láimh-si γ do dhénamh cairdeas[a] γ caradraidh riot, a Aird-ri.'

'Is mo chean-sa dhuit,' ol an rí, 'uair as mac 20 ban-charad dhamh thu.'

Agus tucc Fionn ann sin a lámh i lláimh an rí, .i. Chuinn Chéad-chathaigh, γ gabhois Conn an láimh γ curios Fionn 'na shuidhe as a haithle ar ghualoinn a dheagh-m'heic buadhach, .i. Airt 25 Éin-fhir, acc ól γ acc aoibhneas athaidh fhada dā éis.

<sup>7</sup> mhóir-dhéach] ls. miór déach.

<sup>16</sup> tátag] ls. t'fnoicc.

far sin ro ēirigh an t-Aird-ri 'na sheasamh, γ ro fhōccraigd d'fhearuibh Éreann aseannadh comh-thaoi do dhénamh re haitheascc a n-ard-fhlatha. Ro laphuir-siomh as a haithle, γ as eadh ro ráidh: 'Cidh bē d'fhearoibh Éreann,' ol sé, 5 'do choimhēadfadh an bhrúighion so ar a losccadh d'Aillén mac Miodhna go tráth ēirghe do ló amárach do-bhēaruinn a dhúthchas dō, gidh madh mór beg é.'

Ro bhādar fir Éireand go taoi tostadhach ris 10 sin, òir nírbho soirbh la haon diobh dob eólach ar Aillén an t-iomchoimhéad sin do ghabhail re a ais, uair fir ghonta γ mná re n-iodhnadhuibh do choideoldis risan cceol shír-bhinn shaineamhail no shinneadh γ ro sheaphnaidh an sídhaidhe sin 15 gacha Samhna go sonnradhach do losccadh na P 143 Teamhrach.

Ro fhiarfaigh Fionn don ard-fhlaithe as a haithle cia do chuirfeadh a ccoraighacht air ris sin do chomhall.

20 'Cùicceadh[airg] Éreann,' ol an rí, 'Ciothruadh mac Fir Chaogad ó fhileadhaibh, seacht ndruith γ seacht n-óig-thighearnaidh, do rāthairbh γ do ro-urrachaibh uaim-si don tí dā ttiocfadh Teamhoir d'anacal co tráth ēirghe do ló amárach risan 25 ccomhadh ucchat do chomhall dō.'

<sup>5</sup> Cidh] ls. chidh.

<sup>18</sup> fhiarfaigh] ls. fhiarf. Tá an líne is gnáthach a bheith ós cionn an tarma f stracuithe den ls.

<sup>19</sup> chuirfeadh] ls. chuirfeadha.

Gabhus Fionn and sin do láimh Teamhuir cona *tursgar* do thré-choimhéad an adhaigh sin ar a losccadh. Baoi ócclach grádha do Chumhall mac Tréinmhóir an tan sin a ccoimheadacht an 5 rígh, i.e. Fiacho mac Congha. Ro labhuir-siomh re Fionn ann sin, η is *eadh* ro ráidh:

'Maith, a Fhinn,' ol sé, 'créad an lúagh do-bhéarthā dharm-sa dā ttabhroinn sleagh amhnus áith dhuit do nár teilcceedh urchor n-iomroill 10 ríamh?'

'An lúach iarrfair orm acht go raibh acom.'

<sup>P 14</sup> 'Is *eadh* sarram ort,' ar an t-ócclach, 'gídh becc gídh mór do rath nō do ro-ch[on]ách bhias agad, d'fhiachuibh ort meisi do bheith ar do dhei- 15 láimh a tTigh Miodhchúarta η a ngach ionadh oile ol-cheana in ccéin mhairfid, η trían do chogair η do chomhuirle bhe[i]th accam mur an ccéadna.'

'Ro-d-fia sin gan amhras,' ol Fionn.

<sup>F 144</sup> Tucc-samh an tshleagh d'Fhionn faromh η 20 ro ráidh riss an tan do chluinfeadh an ceól caoín coimh-mbinn acc Aillén do choimhsheim, a cinn-bhéc do bhúain d'faronn na sleighe η a rinn do chur re a édan, η nach léiccfeadh foghrán na sleighe neimhe dhō codladh.

<sup>25</sup> Ro éirigh Fionn and sin a bhfiadhnuise bhfear nÉirionn η do ghlúais roimhe do choimhéad na Teamhreach, η tucc Fiacho mac Congha sleagh η sgéath dhō cen fhios do mhacuibh Morna. Beireas an sleigh η an sgéath lais, η téid ar fhaithche na

Teamhrach; η níor chian dó an tan at-chonnaire Aillén mac Mighna chucce η a cháor theineadh as a mhuinél do losccadh na Teamhreach far seinm an cheoil dhó, óir do shaoil, gach aon dā ccluinfeadh a fhoghar nō a shosccadh, go ccoideóladh lais 5 cen mhoille; η nochan amhlaidh do-rioghne Fionn, uair do chuimhnigh ar an teacoscc tucc Fiacha mac Congha dhó, ionnus *gur* ghabh *greim* dhó, co nár léicc neimh na sleighe dhó tionnabhradh do dhéanomh; η far séideadh na teineadh d'Aillén 10 do chuir Fionn an brat corcra ceathir-fhillte baoi uime a n-aghaidh na teineadh ionnus go ttarla an ccaoír isin mbrat, η rucc lais ar luathshiobhal an ccaoír η an brat in ccé[i]n do fhéad, η nochar chian sin, ór dob éiginn dó an brat do 15 theilccin úaidh, η do-chuaidh an teinidh seascadh traighidh a ttalmhain far losccadh in bhrait di. Gurab Árd na Teineadh ainm an áird η conadh Gleann an Bhruit ainm an ghleanna.

Ciodh trá acht, ó do rathoigh Aillén a dhraoitacht 20 do chlaochló air an aidhche sin η losccadh na Teamhreach do mheith fair, do gluais tar a ais d'ionnsoighidh Sidhe Fionnachaídh go mullach Sléiphe Fúaid, η Fionn ar deabhaidh ina dhílan-leanmhuin ion gach conair ina ngabhadh. Agus 25

<sup>12</sup> uime] Scaoileadh é seo ar an nod so leanas: *u istigh i b* mór. cf. Stokes, 1730, *ime*.

<sup>13-14</sup> η rucc . . . . brat] scriobhtha fé dhó sa ls.

<sup>19</sup> Gleann . . . . ghleanna] ls. *gleann ainm an bhruit* (line fé *bhruit*) *ghleanna*.

an tan baoi Aillén acc dorus-bhél na deigh-shídhe anonn, tucc Fionn a mhér a suauthneamh na sleighe so-dhiobhraicthe, ⁊ ro bhocc ⁊ ro bheartaigh í, ionnas co ttánoicc lán fana óla cēad do 5 sponc-aoibhliph teineadh trícheimh-ruaidhe tar thréan-ionnsmaibh na seamainn-shleighe sídh-chrann-bhláithe sáir-dhénmhaighe sin, ⁊ tucc urchor ághmhar urmhaisneach ar Aillén di, ionnus cco ttarla a cceart-lár a dhroma an duabhais- 10 shleigh ann, gur cuireadh a chroidhe 'na lía dhubbh-fhola tar a bhél seachtair. Agus táinic a mháthair dā ionnsoicchidh, i.e. Cuach an bhain-lífaigh a Bhóirche." Agus do ráidh Oisín na roinn :

"Do gháotth Aillén mac Mighna  
do shleigh Fhíacha mheic Ciongha,  
don ghai bhódhbha, don bhiorgha,  
arm do ro tháoth óicc odhbha.

Ro budh súairc sin, ro budh suairc,  
Aillén mac Mighna a Sliabh Fuaid :  
lúaithe é ná gaoth tar shiodh  
tan no théigheadh 'na rioth rúaic.

Ro budh suairc sin, ro budh suairc,  
Aillén mac Mighna a Sliabh Fuaid :  
fa shé dēag ro loiscc Teamhraigh :  
gairid lé a mheanmuin an chúairt.

<sup>10</sup> cuireadh] ls. *chuireadadar*.  
<sup>14-17</sup> Tá an rann go léir truaillighte, go mór mhór an líne deireanach.

Ro budh súairc sin, ro budh suairc,  
Aillén mac Mighna a Sliabh Fuaid :  
nō go ttorracht Fionn na bhfleadh  
rob aoibhinn a reabh 's a ruaig.

Aillén mac Mioghna, miodh cuill  
ro mheasccadh mac an Duinn Deircc :  
ionmhain a lámh ghasda gheal,  
fear ro budh mór seadh ag seilcc.

Grádh ban Brogha Mheic an Ócc  
Aillén do ród Mhuighe Breagh,  
mac na bain-leatha a Sliabh Fuaid,  
minic a chúairt go mnáibh fear.

A nEamhoin Abhlaigh na n-én  
budh slighe dhéur dh'aphra mná :  
budh huchbhadhach teaghlaich Lir  
do bheith in fhir a leacht lán.

Aillén mac Mioghna, mionn súl,  
dursan dúinn an toiscc ro thaoth :  
budh easbhaidh do bhiathadh badhbh  
do rinn arm ngéar ò ro ghaoth.

Do.

Ro mheas a mháthair and sin an tshleagh do  
bhúain as Aillén, ⁊ nochar fhéad a bhecc do thar-

<sup>7</sup> gbeal] ls. *ghlan*.

raing as di. Táinicc Fionn isin sídh,  $\gamma$  ro tharraing an sleigh as,  $\gamma$  ro dhithcheann é,  $\gamma$  tucc an ceann leis ar ccúl co Teamhraigh,  $\gamma$  ro chuir an cheann ar bhior-chuaille bódhbha,  $\gamma$  ro bhaoi ann gur éirigh an ghrian ghlán-ruithneach ós a ciorcúill trom teinntighe, ionnus gur shoillsígh easa  $\gamma$  inbheara.

Ro éirigh an t-Aird-rí ann sin  $\gamma$  tēid ar faithche na Teamhrach co maithibh bhfear nÉrionn uime. Ticc Fionn co Conn ainnsidhe  $\gamma$  ro laphuir ris  $\gamma$  as eadh ro ráidh:

'Acc so dhuit, a Aird-rí,' ol eisiomh, 'ceann an fhir do loisceadadh Teamhuir gacha Samhna go sonnradhach,  $\gamma$  a sheadán  $\gamma$  a thiompán  $\gamma$  a chairche ciúil codalta. Agus dar leam,' ol sé, 'do sháoras Teamhuir ar a tréun-losccadh amhail do gheallas.'

'Is deimhin go ndearnuis,' ar cás a ccoit-chinde.

Ro lsonadh lāthair and sin le Conn  $\gamma$  le maithibh fhear nÉrionn dia fhios cia do-dhēandaois re Fionn. Acht atá ní cheana, is í comhairle do cinneadh leó rígh-fhianaigheacht fhear nÉireann do thabhairt d'Fhionn do réir mar do bhí agā athair, ag Cumholl,  $\gamma$  a rogha ag Goll mac Mórna Éire d'fhágbhail nō a lámh do thabhairt a láimh Fhinn.

Ro ráidhsiot-siomh an t-aitheascc sin re Goll,

<sup>16</sup> sháoras] Is. shdorais.

<sup>17</sup> gheallas] Is. gheallais.

$\gamma$  ro innseadar dhó go ttuccadh ceannus na bhFian d'Fhionn  $\gamma$  ro fhiarfaighsat de cia dhiobh sin rogha do-bhéaradh. Ro ráidh-siomh nach ffuicceadh Éire don chur sin,  $\gamma$  go ttiobhradh a lámh a lláimh Fhinn do shlánocchadh gealamhna an  $\gamma$  rígh  $\gamma$  na n-urradh do-chúadar a rāthaigheacht air, agus nach mór an taibhghe do bhiadh acc P. 148 Fionn ó Fhíanaibh ar a shon sin acht mur do bheith aicce-siomh,  $\gamma$  gur mhaith lais dā madh daoine clanna Baoisgne d'umhlachadh d'Fhionn tairis féin an t-adhbhar aimhréitth sin d'fhaccaibh chuchta do chum a marbhtha  $\gamma$  a múdhaighthe co huilidhe.

Tucc Goll a lámh a lláimh Fhinn ann sin ria ccách  $\gamma$  tuccsat an Fhían ar-cheana a lámha dhō mur an ccéadna. Ro bhaoí Fionn isin ríge sin nō gur básaigheadh é i n-All an Bhruic a Luachair Dheaghadh. Agus as don tsleagh ad-bheiridh-si, a Ilbhreac," ol Oisín, "im láimh-si do-riughneadh an gníomh sochair sin d'Éirinn,  $\gamma$  Biorga a hainm bunaidh,  $\gamma$  as dā taospa fuair Fionn gach rath  $\gamma$  gach ro-chonach dā bhfúair."

"Conguibh-si an sleigh ad láimh, a Oisín, d'eaccia go ttiocfad Lir do dhioghal a eóin oruinn."

Is ann sin ro tóccbhadh a ccuaich, a ccuirn,  $\gamma$  a ccopáin leó,  $\gamma$  ro bhádar acc ól  $\gamma$  acc aofsbheas an adhaigh sin.

7-13] Ní huiriste na línte seo 'thuisgint.